**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2021/0293(COD)**

28.4.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Beartais 2030 ‘Conair i dtreo na Deacáide Digití’
(COM(2021)0574 – C9-0359/2021 – 2021/0293(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Sabine Verheyen

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

An 15 Meán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra reachtach lena mbunaítear Clár Beartais 2030 "Conair i dtreo na Deacáide Digití", lena dtugtar isteach creat rialachais chun spriocanna digiteacha an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Cumhdaítear ceithre phríomhréimse sa togra: (1) scileanna digiteacha, (2) bonneagair dhigiteacha, (3) digitiú gnólachta agus (4) digitiú seirbhísí poiblí.

Ar an iomlán, is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ach ba mhaith léi sraith leasuithe a mholadh chun forálacha áirithe a bhaineann le scileanna digiteacha a shoiléiriú.

Go sonrach, tugann an Rapóirtéir chun suntais go bhfuil oideachas agus oiliúint ríthábhachtach don chlaochlú digiteach agus do dhaonra a bhfuil scileanna digiteacha acu. Sa chomhthéacs sin, molann an Rapóirtéir leasuithe arb é is aidhm dóibh na sainmhínithe ar bhunscileanna digiteacha agus ar ardscileanna digiteacha a shoiléiriú agus i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus le sainmhínithe UNESCO. Ina theannta sin, measann an Rapóirtéir gur cheart na spriocanna atá beartaithe maidir le scileanna digiteacha a choinneáil, le sprioc idirmheánach arna leagan síos faoi 2025 agus go dtabharfaí isteach fócas ar scileanna digiteacha do mhúinteoirí.

Ar deireadh, leagann an Rapóirtéir béim láidir ar an ngá atá le sineirgí a fhorbairt leis na cláir agus na tionscnaimh atá ann cheana i réimse an taighde agus an oideachais, ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt do nascacht ghigighiotáin scoileanna agus nascacht i scoileanna (mar shampla maidir le rochtain ar an idirlíon agus trealamh digiteach) agus ar an ngá atá ann a áirithiú go mbeidh breisluach Eorpach soiléir ag tionscadail ilnáisiúnta.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Mar a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 i ndáil le Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití a bhunú, ba cheart don Deacáid Dhigiteach freastal ar dhaoine go príomha agus a áirithiú go bhfuil*** |

***feidhm chomh maith céanna ag a gcearta agus saoirsí bunúsacha as líne agus ar líne. Chun na cearta sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach meáin shaora iolraíocha agus rochtain ar fhaisnéis chruinn ar líne a chosaint agus a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a ráthú go mbeidh an claochlú digiteach san Aontas faoi threoir ag na cearta agus na prionsabail sin, ag áirithiú freisin nach bhfágfar aon duine ar lár. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit staonadh ó reachtaíocht nó ó bhearta eile a chur i bhfeidhm a sháraíonn na cearta sin nó a chruthaíonn níos mó neamhionannais agus idirdhealaithe i measc saoránach.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Chun conair an Aontais a leanúint maidir le luas an chlaochlaithe dhigitigh, ba cheart spriocanna digiteacha a shuí. Ba cheart na spriocanna sin a nascadh le réimsí nithiúla ar cheart dul chun cinn comhchoiteann a dhéanamh ina dtaobh laistigh den Aontas. Tá na spriocanna bunaithe ar na ceithre phríomhphointe a sainaithníodh sa Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach gur réimsí ríthábhachtacha iad le haghaidh claochlú digiteach an Aontais: scileanna digiteacha, bonneagair dhigiteacha, digitiú gnólachta agus seirbhísí poiblí. | (6) Chun conair an Aontais a leanúint maidir le luas an chlaochlaithe dhigitigh, ba cheart spriocanna ***soiléire, dea-shainithe*** digiteacha a bhunú ***le haghaidh gach Ballstáit agus i ngach Ballstát, agus a dtúsphointí á gcur i gcuntas.*** Ba cheart do na spriocanna sin ***a bheith bunaithe ar chur chuige daonlárnach, ba cheart dóibh a bheith ionchuimsitheach agus ba cheart iad*** a nascadh le réimsí nithiúla ar cheart dul chun cinn comhchoiteann a dhéanamh ina dtaobh laistigh den Aontas. Tá na spriocanna bunaithe ar na ceithre phríomhphointe a sainaithníodh sa Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach ar réimsí ríthábhachtacha iad le haghaidh chlaochlú digiteach an Aontais: scileanna digiteacha, bonneagair dhigiteacha, digitiú gnólachtaí agus seirbhísí poiblí. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Tá oideachas, go háirithe oideachas agus oiliúint dhigiteach, agus foghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach don chlaochlú digiteach agus do phobal a bhfuil scileanna digiteacha acu. I ndáil leis sin, ba cheart tionscadail ilnáisiúnta a fhorbairt ar an gcaoi chéanna leis an ardán Ollscoile Eorpaí ar Líne nó le hAcadaimh Mhúinteora Erasmus+.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Tá scileanna digiteacha bunúsacha agus ardscileanna digiteacha fíor-riachtanach chun athléimneacht chomhchoiteann shochaí an Aontais a threisiú. Beidh saoránaigh a bhfuil cumas agus ábaltacht dhigiteach acu in ann leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an Deacáid Dhigiteach. Thairis sin, ***ba cheart*** go dtacódh an oiliúint dhigiteach agus an t-oideachas digiteach le lucht saothair inar féidir le líon i bhfad níos mó daoine ná mar atá amhlaidh inniu, sainscileanna digiteacha a shealbhú chun poist ardcháilíochta agus gairmeacha fiúntacha a bhaint amach, ***trí chóineasú a bheith ann idir mná agus fir***. Anuas air sin, tá bonneagar digiteach inbhuanaithe i gcomhair nascachta, micrileictreonaice agus an cumas mórshonraí a phróiseáil ina chumasóir riachtanach chun leas a bhaint as tairbhí an digitithe, le haghaidh forbairtí breise teicneolaíocha agus le haghaidh ceannaireacht dhigiteach na hEorpa. Tá gá | (7) Tá scileanna digiteacha bunúsacha agus ardscileanna digiteacha fíor-riachtanach chun athléimneacht ***agus ionchuimsitheacht*** chomhchoiteann shochaí an Aontais a threisiú. ***Dá bhrí sin, tá sainmhíniú coiteann ar scileanna digiteacha agus caighdeánú ar mheasúnú ar an leibhéal Eorpach tábhachtach chun a áirithiú go mbainfidh na Ballstáit na cuspóirí a leagtar amach sa Chinneadh seo amach. Meastar go forleathan gur cuid ríthábhachtach iad bunscileanna digiteacha de scileanna litearthachta sa ré dhigiteach, amhail scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus uimhearthachta. Mar a léirigh an coróinvíreas,*** beidh saoránaigh a bhfuil cumas agus ábaltacht dhigiteach acu in ann leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an Deacáid Dhigiteach. ***Chun an aidhm sin a bhaint amach, ba cheart béim láidir a leagan ar an oideachas lena áirithiú go mbeidh oiliúint leormhaith ar*** |

le nascacht shlán ***den scoth*** le haghaidh gach duine agus gach áit san Eoraip, ceantair thuaithe[40] agus ceantair iargúlta san áireamh. Tá síorfhás ar riachtanais na sochaí ar bhandaleithead uaslódála agus íoslódála. Faoi 2030, ba cheart líonraí ar luas gigighiotáin a bheith ar fáil ar choinníollacha inrochtana dóibh siúd uile a bhfuil a leithéid de thoilleadh ag teastáil uathu nó a bhfuil gá acu air. Thairis sin, tá micreaphróiseálaithe lárnach cheana féin i bhformhór na bpríomh-luachshlabhraí straitéiseacha, ach meastar go mbeidh éileamh níos mó fós orthu amach anseo go háirithe ar na cinn is nuálaí. Imeall-nóid aerdáidneodracha ar ardchaighdeán slándála lena rathófar do ghnólachtaí, beag beann ar a suíomh, rochtain ar sheirbhísí sonraí ag a mbeidh aga folaigh íseal agus toilleadh candamach, meastar go mbeidh siad ina gcumasóirí criticiúla freisin.

***mhúinteoirí agus ar an bpobal oideachais i gcoitinne agus go mbeidh dóthain scileanna agus acmhainní acu chun úsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht ina dteagasc agus teicneolaíochtaí digiteacha a theagasc. Ba cheart sprioc shonrach agus uaillmhianach a bhaineann le scileanna digiteacha a leagan amach mar chroí-inniúlacht do gach múinteoir agus is iomchuí oideachas maidir le saoránacht dhigiteach, cibearshláinteachas, cosaint sonraí agus litearthacht meán agus faisnéise a áireamh sna curaclaim. Ina theannta sin, ba cheart béim a leagan ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil mar uirlis chuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an phobail ar fad maidir le scileanna digiteacha.*** Thairis sin, tacóidh oiliúint agus oideachas digiteach, ***agus oideachas a bhaineann le ETIM*** le lucht saothair ***a fhorbairt a bheidh níos cothroime agus níos ilchineálaí*** ina bhféadfadh daoine scileanna digiteacha speisialaithe a fháil le go mbainfeadh líon níos mó acu post ardcháilíochta agus gairm bheatha fhiúntach amach ná an líon daoine a dhéanann amhlaidh faoi láthair, ***ionas go mbeidh siad in ann páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí***. Ina theannta sin, tá bonneagar digiteach inbhuanaithe le haghaidh nascachta, micrileictreonaice agus an cumas tacair shonraí ollmhóra a phróiseáil ina gcumasóirí riachtanacha chun leas a bhaint as tairbhí an digitithe, le haghaidh forbairtí eile teicneolaíochta agus le haghaidh cheannaireacht dhigiteach na hEorpa. Tá gá le nascacht ***iontaofa, ghasta*** agus shlán do gach duine agus i ngach áit san Eoraip, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta[40], ***agus tá sé ríthábhachtach rochtain ar oideachas a chur ar fáil, ar ceart bunúsach é.*** Tá síorfhás ar riachtanais na sochaí ar bhandaleithead uaslódála agus íoslódála. Faoi 2030, ba cheart líonraí ar luas gigighiotáin a bheith ar fáil faoi chúinsí ***inacmhainne agus*** inrochtana dóibh siúd uile a bhfuil a leithéid de thoilleadh ag

teastáil uathu nó a bhfuil gá acu leis. Thairis sin, tá micreaphróiseálaithe lárnach cheana féin i bhformhór na bpríomh-luachshlabhraí straitéiseacha, ach meastar go mbeidh éileamh níos mó fós orthu amach anseo go háirithe ar na cinn is nuálaí. Imeall-nóid aerdáidneodracha ar ardchaighdeán slándála lena rathófar do ghnólachtaí, gan beann ar a suíomh, rochtain ar sheirbhísí sonraí ag a mbeidh aga folaigh íseal agus toilleadh candamach, meastar go mbeidh siad ina gcumasóirí criticiúla freisin.

[40] Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais. COM/2021/345 final.

[40] Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais. COM/2021/345 final.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Tá scileanna bunúsacha agus scileanna digiteacha riachtanach don oideachas, don obair agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí, agus sin ó aois óg. Trí thimpeallacht a chruthú chun na spriocanna digiteacha a leagtar amach sa Chinneadh seo a chur chun cinn go comhuaineach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, is féidir sineirge níos fearr agus úsáid níos fearr acmhainní a bhaint amach, go háirithe i dtaca le cláir, beartais agus tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana i réimse an taighde agus an oideachais agus a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu ó thaobh scileanna digiteacha de, amhail an Clár Erasmus+ arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], an Limistéar Eorpach Oideachais atá le baint amach faoi 2025, Plean Gníomhaíochta 2021-2027 ón gCoimisiún a bunaíodh i dTeachtaireacht*** |

***ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020, an Clár Oibre Scileanna don Eoraip a bunaíodh i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Iúil 2020 agus an Plean Gníomhaíochta um Cholún an Aontais maidir le Cearta Sóisialta a bunaíodh i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 agus an Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear, ina ndéantar moltaí maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a bhaint amach faoi 2025 ar a dhéanaí. Thairis sin, ba cheart go dtabharfaí le chéile cuspóirí agus gealltanais roinnt clár, beartas agus tionscnamh agus iad a úsáid mar spriocanna idirmheánacha chun na spriocanna a bhaineann le scileanna digiteacha a bhaint amach, amhail na spriocanna a leagtar amach sa Chlár Oibre Scileanna don Eoraip agus sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, chun a áirithiú go mbeidh bunscileanna digiteacha ag 70 % den daonra idir 16-74 bliana d'aois faoi 2025 agus go mbeidh scoileanna ina n-áiteanna atá lán-nasctha. Leis an gcur chuige sin, d'áiritheofaí go mbainfí úsáid éifeachtúil as acmhainní uile an Aontais chun scileanna digiteacha a bhaint amach do chách.***

______________

***[1a] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Diomaite de bheith ina gcumasóirí, beidh gach ceann de na teicneolaíochtaí thuasluaite i gcroílár táirgí nua, próisis mhonaraithe nua agus samhlacha nua gnó a bheidh bunaithe ar chomhroinnt chóir sonraí sa gheilleagar sonraí. Braithfidh claochlú gnólachtaí ar a gcumas teicneolaíochtaí digiteacha nua a ghlacadh go pras i ngach earnáil, lena n-áirítear éiceachórais thionsclaíocha agus éiceachórais seirbhísí atá ag titim ar gcúl faoi láthair. | (8) Diomaite de bheith ina gcumasóirí, beidh gach ceann de ***na spriocanna digiteacha agus na*** teicneolaíochtaí thuasluaite i gcroílár táirgí nua, próisis mhonaraithe nua agus samhlacha nua gnó a bheidh bunaithe ar chomhroinnt chóir sonraí sa gheilleagar sonraí ***agus ag comhlíonadh na rialacha iomaíochta***. Braithfidh claochlú gnólachtaí ar a gcumas teicneolaíochtaí digiteacha nua a ghlacadh go pras i ngach earnáil, lena n-áirítear éiceachórais thionsclaíocha agus éiceachórais seirbhísí atá ag titim ar gcúl faoi láthair agus***, ag an am céanna ar spleáchais ar phríomhtheicneolaíochtaí agus éifeachtaí gaibhnithe féideartha a sheachaint***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Tá gá le hathsciliú agus le huas-sciliú ionas go mbeidh daoine in ann iad féin a chur in oiriúint do riachtanais agus réaltachtaí athraitheacha an mhargaidh saothair atá ag éirí níos digitithe de réir a chéile. I gcás inarb iomchuí, ba cheart d'fhostóirí oiliúint dhigiteach agus trealamh digiteach a sholáthar d'fhostaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Braithfidh an saol daonlathach agus seirbhísí poiblí go mór freisin ar theicneolaíochtaí digiteacha agus dá bhrí sin ba cheart rochtain iomlán a bheith ag cách orthu, trí thimpeallacht dhigiteach den chéad scoth lena soláthrófar seirbhísí agus uirlisí atá éasca le húsáid, éifeachtúil agus pearsantaithe ag a bhfuil ardchaighdeáin slándála ***agus*** phríobháideachais. | (9) Braithfidh an saol daonlathach agus seirbhísí poiblí***, lena n-áirítear institiúidí cultúrtha*** go mór freisin ar theicneolaíochtaí digiteacha agus dá bhrí sin ba cheart rochtain iomlán a bheith ag cách orthu, trí thimpeallacht dhigiteach den chéad scoth lena soláthrófar seirbhísí ***digiteacha*** agus uirlisí ***foghlama*** atá éasca le húsáid, ***inacmhainne, inrochtana,*** éifeachtúil agus pearsantaithe ag a bhfuil ardchaighdeáin slándála***, agus atá bunaithe ar*** chaighdeáin um príobháideachas ***trí dhearadh***. ***Leis an gclár beartais, ba cheart go ndéanfaí timpeallacht dhigiteach atá dírithe ar an duine a chruthú a mbeidh rochtain ag cách uirthi agus a chuirfidh ar chumas na saoránach, na dtomhaltóirí agus na n-úinéirí gnóthas beag uile a bheith ina rannpháirtithe gníomhacha, cruthaitheacha agus tábhachtacha le dóthain eolais, scileanna agus tuisceana chun cinntí eolacha a dhéanamh faoi úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus faoi na deiseanna a ghabhann leo.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart go n-áireofaí sa sásra sin córas feabhsaithe faireacháin chun bearnaí in inniúlachtaí straitéiseacha digiteacha an Aontais a shainaithint. Ba cheart go n-áireofaí ann freisin sásra tuairiscithe lena ndéanfar tuairisciú, i measc nithe eile, ar an dul chun cinn i dtreo na físe 2030 agus ar na spriocanna digiteacha comhfhreagracha agus ar staid ghinearálta a gcomhlíonta leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chinneadh seo chomh maith. Ba cheart go suífear leis creat comhoibritheach idir an Coimisiún | (12) Ba cheart go n-áireofaí sa sásra sin córas feabhsaithe faireacháin chun bearnaí in inniúlachtaí straitéiseacha digiteacha an Aontais a shainaithint. Ba cheart go n-áireofaí ann freisin sásra tuairiscithe lena ndéanfar tuairisciú, i measc nithe eile, ar an dul chun cinn i dtreo na físe 2030 agus ar na spriocanna digiteacha comhfhreagracha agus ar staid ghinearálta a gcomhlíonta leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chinneadh seo chomh maith. Ba cheart go suífear leis creat comhoibritheach idir an Coimisiún |

| | |
|---|---|
| agus na Ballstáit ar mhaithe le réitigh a shainaithint, le dul i ngleic le laigí agus le gníomhartha spriocdhírithe le haghaidh leighis éifeachtacha a mholadh. | agus na Ballstáit ar mhaithe le réitigh a shainaithint, le dul i ngleic le laigí agus le gníomhartha spriocdhírithe ***agus indéanta*** le haghaidh leighis éifeachtacha a mholadh. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Go háirithe, ba cheart don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha, lena sonrófar méid dhul chun cinn an Aontais i ndáil le treochtaí réamh-mheasta le haghaidh gach sprioc, le measúnú ar na hiarrachtaí is gá chun gach sprioc a bhaint amach, lena n-áireofar bearnaí infheistíochta in inniúlachtaí digiteacha agus feasacht a mhúscailt i dtaobh na ngníomhartha is gá chun ceannasacht dhigiteach a mhéadú. Sa tuarascáil ba cheart go n-áireofaí measúnú ar chur chun feidhme tograí rialála ábhartha chomh maith le measúnú ar na gníomhartha arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. | (15) Go háirithe, ba cheart don Choimisiún tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna digiteacha, lena sonrófar méid dhul chun cinn an Aontais i ndáil le treochtaí réamh-mheasta le haghaidh gach sprioc, le measúnú ar na hiarrachtaí is gá chun gach sprioc a bhaint amach, lena n-áireofar bearnaí infheistíochta in inniúlachtaí digiteacha agus feasacht a mhúscailt i dtaobh na ngníomhartha is gá chun ***ullmhacht agus*** ceannasacht dhigiteach a mhéadú. Sa tuarascáil ba cheart go n-áireofaí measúnú ar chur chun feidhme tograí rialála ábhartha chomh maith le measúnú ar na gníomhartha arna ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun comhair éifeachtúil agus éifeachtach idir an Coimisiún agus na Ballstáit a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach lena gclúdófar an tréimhse go 2030 (‘treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an | (20) Chun comhair éifeachtúil agus éifeachtach idir an Coimisiún agus na Ballstáit a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach lena gclúdófar an tréimhse go 2030 (‘treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an |

| | |
|---|---|
| Deacáid Dhigiteach') a chur faoi bhráid an Choimisiúin, treochláir lena molfar, i gcás inar féidir agus inar intomhaiste ar an leibhéal náisiúnta, treochtaí réamh-mheasta náisiúnta lena ndéanfar ***cur síos*** ar gach ionstraim a glacadh, gach ionstraim atá beartaithe agus gach ionstraim a cuireadh chun feidhme d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Chinnidh seo agus na spriocanna digiteacha a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Ba cheart na treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach a bheith ina n-uirlis ríthábhachtach chun beartais na mBallstát a chomhordú agus chun intuarthacht a áirithiú don mhargadh. Ba cheart do na Ballstáit tionscnaimh earnálacha, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, a chur san áireamh agus comhsheasmhacht leo a áirithiú. Le linn an timthrialla bhliantúil comhair, d'fhéadfadh Ballstáit coigeartuithe ar a dtreochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach a mholadh chun forás an aistrithe dhigitigh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh agus chun freagairt, go háirithe, do bheartais, bearta agus gníomhartha arna moladh ag an gCoimisiún. | Deacáid Dhigiteach') a chur faoi bhráid an Choimisiúin, treochláir lena molfar, i gcás inar féidir agus inar intomhaiste ar an leibhéal náisiúnta, treochtaí réamh-mheasta náisiúnta, ***cuspóirí bliantúla agus infhíoraithe, lena gcuirtear síos*** ar gach ionstraim a glacadh, gach ionstraim atá beartaithe agus gach ionstraim a cuireadh chun feidhme d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Chinnidh seo agus na spriocanna digiteacha a bhaint amach ar leibhéal an Aontais ***chun nach dteipfidh ar bhaint amach chuspóirí 2030.*** Ba cheart na treochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach a bheith ina n-uirlis ríthábhachtach chun beartais na mBallstát a chomhordú agus chun intuarthacht a áirithiú don mhargadh. Ba cheart do na Ballstáit tionscnaimh earnálacha, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, a chur san áireamh agus comhsheasmhacht leo a áirithiú. Le linn an timthrialla bhliantúil comhair, d'fhéadfadh Ballstáit coigeartuithe ar a dtreochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach a mholadh chun forás an aistrithe dhigitigh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a chur san áireamh agus chun freagairt, go háirithe, do bheartais, bearta agus gníomhartha arna moladh ag an gCoimisiún. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí leasmhara uile. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún comhoibriú go dlúth le geallsealbhóirí lena n-áirítear gníomhaithe príobháideacha agus poiblí, amhail comhlachtaí arna rialú le dlíthe | (29) Chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht phoiblí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún dul i dteagmháil leis na geallsealbhóirí leasmhara uile. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún comhoibriú go dlúth le geallsealbhóirí lena n-áirítear gníomhaithe príobháideacha agus poiblí, amhail comhlachtaí arna rialú le dlíthe |

poiblí na n-earnálacha oideachais nó sláinte, agus dul i gcomhairle leo faoi bhearta chun dlús a chur leis an gclaochlú digiteach ***ar leibhéal*** an Aontais. Bheadh rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí tábhachtach ar leibhéal na mBallstát freisin, go háirithe agus a dtreochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach agus a gcoigeartuithe á nglacadh.

poiblí na n-earnálacha oideachais nó sláinte, agus dul i gcomhairle leo faoi bhearta chun dlús a chur le claochlú digiteach ***na mBallstát agus an*** Aontais ***ar an iomlán***. Bheadh rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ***lena n-áirítear ón earnáil oideachais agus ón tsochaí shibhialta,*** tábhachtach ar leibhéal na mBallstát***, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon*** freisin, go háirithe agus a dtreochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach agus a gcoigeartuithe ***á n-ullmhú agus*** á nglacadh.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Le Tionscadail Ilnáisiúnta a bhfuil roinnt Ballstát páirteach iontu, ba cheart go mbeifí in ann idirghníomhuithe mórscála a dhéanamh i réimsí tábhachtacha atá riachtanach chun na spriocanna digiteacha a bhaint amach, go háirithe trí acmhainní ón Aontas, ó na Ballstáit, agus i gcás inarb iomchuí ó fhoinsí príobháideacha, a chomhthiomsú. Ba cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe agus dlúthchomhar ann idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Ar an gcúis sin, ba cheart ról lárnach a bheith ag an gCoimisiún dlús a chur le himscaradh Tionscadail Ilnáisiúnta trí thionscadail Ilnáisiúnta atá réidh lena gcur chun feidhme a shainaithint as measc na gcatagóirí tionscadail a áirítear go táscach san Iarscríbhinn, agus comhairle á cur aige ar na Ballstáit maidir le roghnú an tsásra cur chun feidhme, maidir le roghnú na bhfoinsí cistithe agus meascán na bhfoinsí sin, maidir le nithe straitéiseacha eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na dtionscadal sin, agus maidir le roghnú Cuibhreannais do Bhonneagar Digiteach Eorpach (EDIC) mar shásra cur chun | (30) Le Tionscadail Ilnáisiúnta a bhfuil roinnt Ballstát páirteach iontu, ba cheart go mbeifí in ann idirghabhálacha mórscála a dhéanamh i réimsí tábhachtacha atá riachtanach chun na spriocanna digiteacha a bhaint amach, ***i gcás inar léir gurb ann do bhreisluach Eorpach,*** go háirithe trí acmhainní ón Aontas, ó na Ballstáit, agus i gcás inarb iomchuí ó fhoinsí príobháideacha, a chomhthiomsú. Ba cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe agus dlúthchomhar ann idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Ar an gcúis sin, ba cheart ról lárnach a bheith ag an gCoimisiún dlús a chur le himscaradh Tionscadail Ilnáisiúnta trí thionscadail Ilnáisiúnta atá réidh lena gcur chun feidhme a shainaithint as measc na gcatagóirí tionscadail a áirítear go táscach san Iarscríbhinn, agus comhairle á cur aige ar na Ballstáit maidir le roghnú an tsásra cur chun feidhme, maidir le roghnú na bhfoinsí cistithe agus meascán na bhfoinsí sin, maidir le nithe straitéiseacha eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na dtionscadal sin, agus maidir le roghnú |

| | |
|---|---|
| feidhme, i gcás inarb iomchuí. | Cuibhreannais do Bhonneagar Digiteach Eorpach (EDIC) mar shásra cur chun feidhme, i gcás inarb iomchuí. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhar idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit a leagan amach agus a spreagadh; | (b) comhar idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit a struchtúrú agus a spreagadh, ***ar mhaithe le réitigh a shainaithint, aghaidh a thabhairt ar laigí agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe a mholadh le haghaidh leigheasanna éifeachtacha, agus le táscairí nua a mholadh;*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus iomláine fhaireachán agus thuairisciú an Aontais a áirithiú. | (c) comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus iomláine an fhaireacháin, ***an mheasúnaithe chaighdeánaithe*** agus an tuairiscithe ag ***na Ballstáit agus ag an*** Aontas ***a áirithiú ar bhealach trédhearcach agus sothuigthe.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) timpeallacht dhigiteach a chur chun cinn atá dírithe ar an duine, atá cuimsitheach, slán agus oscailte agus ina bhfuil teicneolaíochtaí agus seirbhísí | (a) timpeallacht dhigiteach a chur chun cinn atá dírithe ar an duine, atá ionchuimsitheach, slán agus oscailte agus ina bhfuil teicneolaíochtaí agus seirbhísí |

| | |
|---|---|
| digiteacha lena n-urramaítear prionsabail agus luachanna an Aontais agus lena dtreisítear na prionsabail agus na luachanna sin; | digiteacha lena n-urramaítear prionsabail, ***cearta*** agus luachanna an Aontais agus lena dtreisítear na prionsabail, na cearta agus na luachanna sin***, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach***; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) athléimneacht chomhchoiteann na mBallstát a threisiú agus an bhearna dhigiteach a dhúnadh go háirithe trí scileanna digiteacha bunúsacha ***agus speisialaithe*** do chách a chur chun cinn agus forbairt córas oideachais agus oiliúna ardfheidhmíochta a chothú; | (b) athléimneacht chomhchoiteann na mBallstát a threisiú agus an deighilt dhigiteach a dhúnadh, go háirithe trí ***scileanna digiteacha*** bunúsacha ***a chur chun cinn agus trí ard***scileanna digiteacha a spreagadh do chách, agus trí fhorbairt córas digiteach oideachais agus oiliúna a bheidh ***ionchuimsitheach agus ar ardcháilíocht*** a chothú, ***lena n-áirítear trí chur chuige foghlama ar feadh an tsaoil agus i gcomhréir le tionscnamh an Limistéir Eorpaigh Oideachais***; |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) acmhainneacht leordhóthanach airgeadais, theicniúil agus dhaonna a chruthú san oideachas agus in ionaid oiliúna agus foghlama chun na spriocanna scileanna digiteacha a bhaint amach agus cothromaíocht inscne a ghnóthú ó thaobh líon na mac léinn TFC agus líon na speisialtóirí TFC;*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ceannasacht dhigiteach a áirithiú go háirithe trí bhíthin ***bonneagar digiteach*** slán agus inrochtana lenar féidir méideanna ollmhóra sonraí a phróiseáil agus trína gcumasaítear forbairtí teicneolaíochta eile, lena dtacófar le hiomaíochas thionscail an Aontais; | (c) ceannasacht dhigiteach a áirithiú, go háirithe trí ***bhonneagar digiteach atá*** slán, ***ar ardcháilíocht*** agus inrochtana, ***lena n-áirítear i gceantair iargúlta, agus atá bunaithe ar luachanna bunúsacha agus atá*** in ann lear mór sonraí a phróiseáil lena gcumasaítear forbairtí teicneolaíochta ***agus nuálaíocht eile i gcórais oideachais agus taighde***, lena dtacaítear le hiomaíochas thionscal ***agus gheilleagar*** an Aontais, ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1d];***<br>_________________<br>***[1a] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) imlonnú agus úsáid cumas digiteach a chur chun cinn lena dtabharfar rochtain do theicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí ar bhonn éasca agus cothrom chun ardleibhéal déine digití agus nuálaíochta i bhfiontair an Aontais, go háirithe na cinn bheaga agus meánmhéide, a bhaint amach; | (d) imlonnú agus úsáid cumas digiteach a chur chun cinn lena dtabharfar rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí ar bhonn éasca agus cothrom chun ardleibhéal déine digití agus nuálaíochta i bhfiontair an Aontais, go háirithe sna ***micrifhiontair,*** sna fiontair bheaga agus sna fiontair mheán***mhéide***, a bhaint amach; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) rochtain ar líne do chách ar an saol daonlathach, ar sheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí sláinte agus cúraim a áirithiú, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, lena gcuirfear seirbhísí agus uirlisí cuimsitheacha, éifeachtúla agus pearsantaithe ar fáil a bhfuil ardchaighdeáin slándála agus phríobháideachta ag baint leo; | (e) rochtain ***éasca*** ar líne do chách ar an saol daonlathach, ar sheirbhísí poiblí ***agus bunriachtanacha, lena n-áirítear*** seirbhísí sláinte agus cúraim, a áirithiú ***ar bhealach neamh-idirdhealaitheach***, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, lena gcuirfear seirbhísí cuimsitheacha, éifeachtúla agus pearsantaithe agus uirlisí ***idir-inoibritheacha*** ar fáil a bhfuil ardchaighdeáin slándála agus phríobháideachta ag baint leo ***agus trí úsáid Bogearraí Saor in Aisce agus Foinse Oscailte a chur chun cinn***; |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 2– mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) comhar a éascú idir soláthraithe agus geallsealbhóirí foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla maidir le hoideachas digiteach a sholáthar, chun cur chuige i leith na foghlama ar feadh an tsaoil a chothú maidir le forbairt scileanna digiteacha agus le litearthacht dhigiteach agus chun seoladh tionscadal ilnáisiúnta a éascú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) ciallaíonn 'bunscil dhigiteach' cumas bunúsach chun feistí digiteacha agus feidhmchláir ar líne a úsáid, mar shampla chun faisnéis agus sonraí pearsanta a rochtain, a scagadh agus a bhainistiú, ábhar a chruthú agus a chomhroinnt, cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh agus chun teicneolaíochtaí intleachta saorga a shainaithint agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthu;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) ciallaíonn 'ardscil dhigiteach' cumas speisialaithe chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, amhail scileanna chun teicneolaíochtaí a dhearadh, a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur in úsáid.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bunscileanna digiteacha ar a laghad a bheith ag 80 % díobh siúd idir 16-74 bliana d'aois; | (a) ***faoi 2025*** bunscileanna digiteacha ***ar a laghad a bheith ag 70 %, agus faoi 2030*** iad ar a laghad a bheith ag 80 % díobh siúd idir 16-74 bliana d'aois, ***agus dul chun cinn suntasach a bheith déanta ag gach Ballstát***; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) faoin mbliain 2025, 80 % agus faoi 2030 90 % ar a laghad de mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, lena n-áirítear baill foirne teagaisc sa ghairmoiliúint, a bheith oilte go leordhóthanach chun úsáid éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht ina dteagasc agus chun teicneolaíochtaí digiteacha a theagasc;*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) 20 milliún speisialtóirí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar a laghad a bheith ***fostaithe***, agus cothromaíocht a bheith ann idir mná agus fir; | (b) 20 milliún speisialtóir teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar a laghad a bheith fostaithe, agus cothromaíocht a bheith ann idir mná agus fir***, lena dtabharfaí aghaidh ar an mbearna shuntasach idir na hinscní ó thaobh scileanna digiteacha de;*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ar a laghad 5 % de mhná san ardoideachas i ngach Ballstát a bheith cláraithe i gcláir TFC nó i gcúrsaí idirdhisciplíneacha a bhfuil gné TFC ag baint leo;*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) go n-áiritheofar nascacht idirlín ghigighiotáin agus an trealamh riachtanach digiteach i ngach institiúid oideachais, agus aird ar leith á tabhairt ar scoileanna i gceantair thuaithe;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) leibhéal bunúsach déine digití a bheith bainte amach ag níos mó ná 90 % d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ('FBManna') an Aontais; | (b) leibhéal bunúsach déine digití a bheith bainte amach ag níos mó ná 90 % de ***Mhicrifhiontair,*** d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ('FBManna') ***i ngach Ballstát***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) príomhsheirbhísí poiblí a bheith 100 % inrochtana ar líne ag saoránaigh an Aontais agus ag gnólachtaí; | (a) príomhsheirbhísí poiblí ***agus príobháideacha*** a bheith 100 % inrochtana ar líne ag saoránaigh an Aontais agus ag gnólachtaí; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) idirghníomhaíochtaí idir na beartais, bearta agus gníomhartha atá ann cheana agus atá beartaithe agus a | (d) idirghníomhaíochtaí idir na beartais, na bearta agus na gníomhaíochtaí atá ann cheana agus atá beartaithe, agus |

| | |
|---|---|
| gcomhsheasmhacht lena chéile. | comhleanúnachas na mbeartas, na mbeart agus na ngníomhaíochtaí sin, ***lena n-áirítear staid na himeartha maidir le Tionscadail Ilnáisiúnta san earnáil dhigiteach***. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar lena chéile chun bealaí a shainaithint le haghaidh a thabhairt ar easnaimh i réimsí nár leor an dul chun cinn iontu chun ceann amháin nó níos mó de na spriocanna digiteacha a leagtar amach in Airteagal 4 a bhaint amach nó i gcás inar sainaithníodh bearnaí suntasacha nó easpaí bunaithe ar thorthaí na tuarascála ar 'Staid na Deacáide Digití'. Cuirfear san áireamh san anailís sin, go háirithe, acmhainneachtaí éagsúla na mBallstát ***rannchuidiú*** le roinnt de na spriocanna digiteacha ***agus*** an riosca gur féidir go mbeidh éifeacht díobhálaí ag moilleanna i dtaobh roinnt de na spriocanna sin ar bhaint amach spriocanna digiteacha eile. | (1) Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar lena chéile chun bealaí a shainaithint le haghaidh a thabhairt ar easnaimh i réimsí nár leor an dul chun cinn iontu chun ceann amháin nó níos mó de na spriocanna digiteacha a leagtar amach in Airteagal 4 a bhaint amach nó i gcás inar sainaithníodh bearnaí suntasacha nó easpaí bunaithe ar thorthaí na tuarascála ar 'Staid na Deacáide Digití'. Cuirfear san áireamh san anailís sin, go háirithe, acmhainneachtaí éagsúla ***eacnamaíocha, lóistíochtúla agus eile*** na mBallstát ***agus a dtúsphointí chun rannchuidiú*** le roinnt de na spriocanna digiteacha***, agus*** an riosca go bhféadfadh éifeacht dhíobhálach a bheith ag moilleanna ar roinnt de na spriocanna sin ar bhaint amach spriocanna digiteacha eile. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ina theannta sin, i gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an gconclúid nach leor bearta náisiúnta agus go gcuirfidh siad baint amach tráthúil na gcuspóirí agus na spriocanna digiteacha a leagtar amach sa Chinneadh seo i mbaol, féadfaidh sé bearta a mholadh de réir mar | (4) Ina theannta sin, i gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an gconclúid nach leor bearta náisiúnta agus go gcuirfidh siad baint amach tráthúil na gcuspóirí agus na spriocanna digiteacha a leagtar amach sa Chinneadh seo i mbaol, féadfaidh sé bearta ***sainoiriúnaithe*** a |

is iomchuí agus na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí a fheidhmiú chun baint amach comhchoiteann na gcuspóirí agus na spriocanna sin a áirithiú.

mholadh de réir mar is iomchuí agus na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí a fheidhmiú chun baint amach comhchoiteann na gcuspóirí agus na spriocanna sin a áirithiú. ***Féadfaidh an Coimisiún Tionscadail Ilnáisiúnta a mholadh freisin chun na spriocanna agus na cuspóirí a bhfuil an baol ann nach mbainfear amach iad go tráthúil a ghnóthú, nó i gcás ina mbainfeadh roinnt beart tairbhe as cur chuige comhordaithe.***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, le haghaidh faisnéis a bhailiú agus beartais, bearta agus gníomhartha molta a fhorbairt chun críoch cur chun feidhme an Chinnidh seo. | (1) Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear ***eagraíochtaí trádála, comhlachais ghairmiúla,*** comhpháirtithe sóisialta agus ***an tsochaí shibhialta***, chun faisnéis a bhailiú agus beartais, bearta agus gníomhartha molta a fhorbairt ar mhaithe le cur chun feidhme an Chinnidh seo. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, agus a dtreochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach agus coigeartuithe ar na treochláir sin á nglacadh acu. | (2) Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le geallsealbhóirí príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear ***eagraíochtaí trádála, comhlachais ghairmiúla*** comhpháirtithe sóisialta agus ***an tsochaí shibhialta***, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, agus a dtreochláir straitéiseacha náisiúnta maidir leis an Deacáid Dhigiteach agus coigeartuithe ar na treochláir sin á nglacadh acu. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) barr feabhais teicneolaíochta agus iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a threisiú sna teicneolaíochtaí, táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus bonneagair dhigiteacha chriticiúla atá riachtanach le haghaidh téarnamh eacnamaíoch agus rathúnais agus le haghaidh shlándáil agus shábháilteacht an tsaoránaigh; | (b) barr feabhais teicneolaíochta agus iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a threisiú sna teicneolaíochtaí, táirgí digiteacha, seirbhísí digiteacha agus bonneagair dhigiteacha chriticiúla atá riachtanach le haghaidh téarnamh eacnamaíoch***, fáis*** agus rathúnais agus le haghaidh ***rannpháirtíocht dhaonlathach,*** shlándáil agus shábháilteacht na saoránach; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cóineasú an bhonneagair dhigitigh a áirithiú;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 13 – mír 4 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) an Coimisiún Eorpach;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 13 – mír 4 – pointe g b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) na Cuibhreannais Eorpacha um*** |

***Bonneagar Taighde faoi chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh.***

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Cinnidh**
**Airteagal 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 23 a*** |
| | ***Sineirgí agus comhlántachtaí le cláir agus beartais eile de chuid an Aontais i réimse an oideachais, na hoiliúna agus an taighde*** |
| | ***Ar leibhéal an Aontais, beidh cur chuige trasearnála ag an gClár Beartais 2030 "An Chonair i dtreo na Deacáide Digití" d'fhonn sineirgí a chruthú idir na cláir agus tionscnaimh éagsúla de chuid an Aontais atá ábhartha maidir leis na cuspóirí agus na spriocanna a bhaineann le scileanna digiteacha, agus na hacmhainní teoranta buiséadacha atá ar fáil i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus na bearta reatha agus nua á gcur san áireamh.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena mbunaítear an Clár Beartais 2030 'Conair i dtreo na Deacáide Digití' |
| **Tagairtí** | COM(2021)0574 – C9-0359/2021 – 2021/0293(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>18.10.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | CULT<br>18.10.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Sabine Verheyen<br>14.12.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 7.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Andrea Bocskor, Ilana Cicurel, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Alexis Georgoulis, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Diana Riba i Giner, Marcos Ros Sempere, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Bernhuber, Elżbieta Kruk |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Kruk, Dace Melbārde, Andrey Slabakov |
| ID | Catherine Griset |
| NI | Andrea Bocskor |
| PPE | Asim Ademov, Alexander Bernhuber, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo |
| S&D | Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |
| Verts/ALE | Romeo Franz, Niklas Nienaß, Diana Riba i Giner |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ID | Gianantonio Da Re |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh